C/2024/7465

17.12.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11570 – MIDEA / ARBONIA)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/7465)

1. An 11 Nollaig 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Midea Group Co. Ltd. ('Midea', an tSín),

— Arbonia Climate Division ('Arbonia', an Eilvéis), atá faoi rialú Arbonia AG (an Eilvéis).

Gheobhaidh Midea rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Arbonia ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa teicneolaíochta domhanda é Midea atá gníomhach i monarú agus díol fearas tí, córas teicneolaíochta aerchóiriúcháin agus tógála, seirbhísí agus comhpháirteanna le haghaidh na teicneolaíochta tionsclaíche, na róbataice agus an uathoibrithe,

— Is éard a dhéanann Arbonia táirgí giniúna inbhuanaithe teasa agus fuachta, stórála teasa agus fuinnimh, dáilte teasa agus fuachta, aerála agus scagacháin aeir a mhonarú agus a dhíol.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11570 – MIDEA / ARBONIA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').